

20 Meitheamh, 2019 - Seolann an tAire McHugh Corpoideachas trí mheán na Gaeilge

Usáid le baint as Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) chun Gaeilge a theagasc trí ábhar eile

Inniu, an Déardaoin 20 Meitheamh, sheol an tAire Joe McHugh T.D. tionscnamh a bhaineann úsáid as ranganna Corpoideachais chun foghlaim na Gaeilge a chothú agus a thacú.

I dteannta leis an Aire McHugh in Ollscoil Mhaigh Nuad bhí imreoir sacair idirnáisiúnta na hÉireann, Amber Barrett, múinteoir Staire agus Béarla i gColáiste Bhinn Aoibhinn, Fionnghlas, Baile Átha Cliath, agus captain rugair na hÉireann, Ciara Griffin, bunmhúinteoir i Scoil na mBráithre Críostaí i dTrá Lí mar aon le Peter Kelly, sár-imreoir peile Chill Dara agus múinteoir i Scoil Phádraig na mBuachaillí, Ráth Daingean.

Feidhmeoidh an tionscnamh Corpoideachais trí mheán na Gaeilge mar phíolót, ag baint úsáide as modheolaíocht FCÁT i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna thar thréimhse trí bliana, agus an tionscnamh á leathnú in aghaidh na bliana.

Agus an tionscnamh á sheoladh aige, dúirt an tAire McHugh: “Caithfidh a bheith uailmhianach sa chur chuige a bhíonn againn leith na teanga agus sa tslí ina múintear í agus caithfidh iarracht a dhéanamh í a bheith ábharthach don chéad ghlúin eile agus grá a chothú don teanga.

“Cuideoidh tosaíochtaí cosúil leis seo linn an fhoghlaim a thógaint amach as an seomra ranga, í a bheith chomh simplí agus is féidir ionas go mbíonn leanaí ábalta í a úsáid agus a nGaeilge a fheabhsú ar ghnáthbhealach taitneamhach go laethúil. Tá na buntáistí go léir a bhaineann leis an gCorpoideachas á dtabhairt le chéile againn – é go maith don aigne, don chorp agus don fholláine.”

Mar chuid den seoladh, léirigh Mikaila Greenan agus Colm Keane, a bhfuil cúrsaí céime in oideachas múinteoirí díreach críochnaithe acu i Roinn an Bhunoideachais agus Oideachas na Luath-Óige Froebel in Ollscoil Mhaigh Nuad agus a rinne taighde ar FCÁT, ceachtanna Corpoideachais as Gaeilge le daltaí rang a 4 ó Scoil San Carlo, Léim an Bhradáin, bunscoil a bhíonn ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla.

Tá sé mar aidhm ag tionscnamh an Chorpoideachais trí Ghaeilge cumas, meon agus muinín leanaí scoile a fheabhsú nuair a bhíonn siad ag foghlaim teanga. Tacófar freisin le cleachtóirí agus múinteoirí cur chuige FCÁT i leith foghlaim teanga a chur i bhfeidhm.

Dúirt an tAire McHugh: “Tá súil againn go dtarlóidh, mar thoradh ar an tionscnamh, go mbeidh níos mó agus níos mó leanaí ag baint úsáide go nádúrtha as Gaeilge nuair a bhíonn siad ag caint, ag súgradh agus i gcumarsáid i bhfíor-chomhthéacsanna lasmuigh den seomra ranga.”

Dúirt Tony Sweeney, Comhordaitheoir Mhodúl an Churaclaim agus na Modheolaíochtaí, Roinn an Bhunoideachais agus Oideachas na Luath-Óige Froebel: “Fáiltímid roimh FCÁT mar chur chuige défhócasaithe ina mbeidh an Ghaeilge in úsáid go bríoch chun ceachtanna Corpoideachais ardcháilíochta a theagasc agus a fhoghlaim.

“Le blianta beaga anuas tá an cur chuige seo in úsáid go rathúil ar bhonn traschuraclaim ag ábhair oidí na Roinne in Ollscoil Mhaigh Nuad agus iad ar shocrúcháin scoileanna I mbunscoileanna.”

Beidh léirithe spéise á éileamh ag an Roinn, i mí Mheán Fómhair 2019, ó shuíomhanna Luathbhlianta agus ó Scoileanna atá ag feidmiú trí mheán an Bhéarla chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh. D’fhéadfaí na scoileanna nach roghnófar do Bhliain 1 den phíolót a bheith san áireamh i mBliain 2/3.

Tréimhse forbartha píolótach a bheidh i mBliain 1 (2019/2020) ina mbeidh dhá shuíomh Luathbhlianta, cúig bhunscoil agus cúig iar-bhunscoil. Beidh siad ag obair le chéile chun na hacmhainní agus na tacaíochtaí a bheidh de dhíth ar mhúinteoirí agus ar chleachtóirí a aithint. Beidh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar fáil a tharlóidh i suíomhanna Luathbhlianta agus i seomraí ranga sa tríú téarma. Tarlóidh rollú amach níos leithne den chur chuige ar bhonn incriminteach i mBlianta 2 agus 3.

Dúirt an tAire McHugh: “Is sár-ambasadóirí iad Amber Barrett, Ciara Griffin agus Peter Kelly agus tá ardspriocanna bainte amach acu nach bhfuil ach mar bhrionglóid ag an gcuid eile againn. Tá an-áthas orm go bhfuil tacaíocht tugtha acu don tionscnamh Corpoideachas trí Ghaeilge seo agus na buntáistí sláinte agus oideachasúil a thiocfaidh uaidh.

“Creidim, thar thréimhse ama, go gcuideoidh an tionscnamh seo agus tosaíochtaí eile le hábhair a theagasc trí mheán na Gaeilge chun daltaí a bheith líofa agus Gaeilge a bheith á labhairt acu gan machnamh.”

Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo: <https://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/An-Straitéis-20-Bliain-don-Ghaeilge-2010-2030/fcat.pdf>

CRÍOCH

<https://www.education.ie/ga/Preas-agus-Imeachta%3%AD/Preasr%3%A1itis/preasraitis-2019/PR19-06-20%20.html>